

A Phríomhoide, a chara,

Ós rud é go bhfuil na scoileanna ag filleadh tar éis sos an mheántearma táim ag scríobh chugat chun tú a chur ar an eolas faoi roinnt bhearta tábhachtacha tacaíochta a chabhróidh leis na scoileanna leanúint orthu ag oibriú go slán sábháilte agus cabhróidh siad go sonrach le príomhoidí i gcás go n-aithnítear cás dearfach COVID-19 a bhaineann le scoil.

Mar is eol duit mínítear an cur chuige sláinte poiblí maidir le déileáil le cás dearfach i scoil sa doiciméad foilsithe Conair na Scoileanna atá ar fáil ag an nasc seo:

<https://www.gov.ie/ga/foilsiuichan/ar-mbunscoileanna-agus-ar-scoileanna-speisialta-a-athoscailt/>.

Uimhir Theileafóin Thiomnaithe 'Líne scoile bheo Covid-19 FSS do Phríomhoidí' do phríomhoidí scoile ag a bhfuil ceisteanna ar leith a bhaineann le cás deimhnithe Covid-19:

Cuirtear Sláinte Phoiblí ar an eolas de réir dlí faoi gach cás Covid-19, agus má chuirtear in iúl dóibh go raibh cás ann in ionad oideachais fad is a bhí an cás tógálach, cuirfidh ball de roinn Sláinte Poiblí glaoch ar an scoil agus déanfaidh sé nó sí Measúnú Riosca Sláinte Poiblí. Déantar seo ar an lá céanna agus a dtugtar fógra dóibh de ghnáth, ach d'fhéadfadh go ndéanfaí an lá dár gcionn é.

Tá uimhir theileafóin thiomnaithe 'Líne scoile bheo Covid-19 FSS do Phríomhoidí' **(01) 240 8785** á cur ar fáil ag FSS do phríomhoidí chun glaoch a chur i gcás go dteastaíonn cúnaimh uathu ó Shláinte Phoiblí i ndáil le cás deimhnithe Covid-19 ina bpobal scoile agus mura raibh Sláinte Phoiblí i dteagmháil leo go dtí sin. Ní gá duit glaoch a chur ar an líne mar ghnáthchleachtas chun gach cás deimhnithe a chur in iúl.

Beidh an uimhir theileafóin ar fáil 7 lá sa tseachtain, ó 8am go 4.30pm Luan go hAoine agus ó 10am go 4.30pm Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. Is go sonrach do phríomhoidí scoile atá an uimhir seo chun fiosruithe go sonrach maidir le Covid-19 a dhéanamh a bhaineann le cás dearfach sa phobal scoile. Ná tabhair an uimhir seo do bhaill eile den phobal scoile. Tá sé thar a bheith tábhachtach nach ndéantar an acmhainn thiomnaithe seo do Phríomhoidí a ró-ualú le ceisteanna ginearálta ionas go mbeidh sí éifeachtach.

Glacfaidh an t-oibritheoir le sonraí bunúsacha agus tabharfaidh sé/sí na sonraí seo go díreach don roinn sláinte poiblí lena mbaineann. Freagróidh an fhoireann sláinte poiblí laistigh de thrí uair an chloig i bhformhór na gcásanna. Déanfar gach iarracht chun freagra a thabhairt ar an lá céanna, ach amháin má tá sé níos déanaí san iarnóin. Sa chás seo d'fhéadfadh an freagra teacht ar an maidin dár gcionn.

Forbraíodh an socrú uathúil seo chun freastal ar riachtanais ar leith na scoileanna. Beidh an Roinn, in éineacht le FSS, i ndlúth-theagmháil leis na páirtithe leasmhara chun súil a choimeád ar éifeachtacht an t-socraithe seo.

Foirme Scoile Tiomnaithe chun tacú le príomhoidí scoile nuair a bhíonn cás dearfach ann:

Cuirfidh FSS feabhas breise ar an bhfreagairt sláinte poiblí chuig scoileanna sa téarma atá le teacht trí bhreis acmhainní a chur ar fáil do na Foirme Scoile atá ann cheana féin i ngach ceantar FSS.

Táthar ag cur leis na foirne seo in am don leath-théarma nua. Tá na foirne ildisciplíneacha seo faoi stiúir ag gairmithe sláinte poiblí agus beidh cigirí ag obair leo a shannfar do FSS ón Roinn Oideachais chun an obair seo a dhéanamh. Ina theannta sin beidh baill foirne eile ag cabhrú a ath-shannfar ó na seirbhísí sláinte féin.

Cuirfidh cigirí a gcuid saineolais agus taithí ar oibriú scoileanna ar fáil chun cabhrú leis na foirne seo cumarsáid a dhéanamh le scoileanna. Ní bheidh cigirí ag comhlíonadh a róil chigireachta agus an obair seo á déanamh acu agus beidh siad ag feidhmiú faoi bhainistíocht agus faoi threoir FSS an t-am ar fad.

Freagróidh baill foirne Sláinte Poiblí glaonna agus cuirfidh siad glaoch ar scoileanna tar éis cás dearfach Covid-19 a bheith aitheanta. Ós rud é go bhfuil oiliúint faighte acu maidir le prótacail Sláinte Poiblí is iad a dhéanfaidh an chuid den measúnú riosca tosaigh a bhaineann le scoileanna. Féadfaidh siad scoileanna a chur ar an eolas faoi aon ghníomhartha eile, de réir mar is gá, faoi threoir Shláinte Poiblí. Freagróidh cigirí sannta agus baill foirne eile ceisteanna a thagann isteach tríd an líne FSSbeo do Phríomhoidí agus glacfaidh siad le ceisteanna ó scoileanna a thagann go díreach chuig an Roinn Sláinte Poiblí.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach mbeidh cinntí cliniciúla á ndéanamh ag foireann na Roinne Oideachais i gcás ar bith. Fanfaidh an treoir chliniciúil ar fad faoi rialachas sláinte poiblí. Mar chuid den obair seo, áfach, cabhróidh foirne scoile chun an t-eolas riachtanach a bhailiú ó phríomhoidí a bhailiú chun cabhrú leis na foirne sláinte poiblí na dlúth-theagmhálaithe atá bunaithe sa scoil a aithint. Cuirfidh bainistíocht na scoile dlúth-theagmhálaithe ar an eolas ansin trí litir nó téacs ó Shláinte Phoiblí a chur ar aghaidh chucu. Ansin, rachaidh FSS i dteagmháil leis na dlúth-theagmhálaithe chun iad a chur ar an eolas faoina gcoinne tástála.

Tástáil thiomnaithe ar dhlúth-theagmhálaithe scoile nuair a bhíonn cás dearfach ann

Tá tástáil tosaíochta curtha ar bun ag Sláinte Phoiblí dóibh siúd ar dlúth-theagmhálaithe le cás deimhnithe laistigh den phobal scoile iad.

Eisítear coinní tástála Covid-19 mar thosaíocht do dhlúth-theagmhálaithe scoil-bhunaithe trí phróiseas atreoraithe scoileanna ar leith laistigh de FSS. Cinnfidh Sláinte Phoiblí cathain is mian leo go nglacfar na maipíneachtaí. D'fhéadfadh go ndéanfaí seo 'a luaithe is féidir' ach féadfaí cinneadh freisin, ar chúiseanna cliniciúla, gur cheart na maipíneachtaí a ghlacadh i gceann lae nó mar sin. Ag an bpointe tástála, seoltar maipíneachtaí an ghrúpa scoile chuig an tsaotharlann mar bhaisc ar a bhfuil 'bratach dhearg' chun go ndéanfar iad a phróiseáil mar thosaíocht ar sheachadadh chuig an tsaotharlann dóibh. Tá uimhir thagartha scoile ar leith ag na maipíneachtaí chun gur féidir tuairisciú baisce a dhéanamh ar thorthaí i dtaobh an suíomh scoile áirithe. Cinntíonn sé seo amanna comhlánaithe tapa le haghaidh tástála agus is féidir tuilleadh bearta sláinte poiblí a ghlacadh gan mhoill más gá.

Sainmhíniú ar dhlúth-theagmhálaí i suíomh oideachais

D'fhoilsigh an tIonad Faire um Chosaint Sláinte an sainmhíniú seo a leanas ar dhlúth-theagmhálaí i suíomh oideachais.

De réir treoirínte reatha an Ionad Faire um Chosaint Sláinte maidir le dlúth-theagmhálaithe déanfar Measúnú clínicíúil ar Riosca Sláinte Poiblí (MRSP) do gach suíomh oideachais inar fhreastail cás deimhnithe le linn dó/di a bheith tógalach. Cinnfidh an MRSP seo na dlúth-theagmhálaithe.

Sainmhíniú ar dhlúth-theagmhálaí:

- Aon duine a raibh teagmháil duine le duine aige nó aici le cás deimhnithe COVID-19 laistigh d'achar níos lú ná 1 mhéadar amháin ar feadh >15 nóiméad i lá scoile.
- Duine ar bith a bhí idir 1 mhéadar amháin agus 2 mhéadar ó chás deimhnithe Covid-19 ar feadh >15 nóiméad i lá scoile agus bearta maolaithe eile á gcur san áireamh, m.sh. clúdach aghaidhe, meithleacha, aerú, bearta cosc agus rialú ionfhabhtuithe nó comhlíonadh neamhchinnte na mbearta maolaithe atá i bhfeidhm (arna measúnú trí MRSP clínicíúil)

Déantar measúnú ar theagmhálaithe ó theagmháil le cás deimhnithe Covid-19 le linn a thréimhse nó a thréimhse tógálaí - 48 uair an chloig roimh thús na n-airíonna má tá airíonna air nó uirthi, nó 24 uair an chloig sula ndearnadh an tástáil Covid-19 i gcás na ndaoine siúd nach bhfuil airíonna orthu.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur ar Shláinte Phoiblí FSS atá an fhreagracht freagairt ar chásanna deimhnithe nó ar ráigeanna Covid-19 sa phobal nó i scoil, agus go mbeidh Sláinte Phoiblí FSS i gceannas ar an bpróiseas seo agus á bhainistiú. Déanfaidh a bhfoirne gach cinneadh maidir le bearta cuí tar éis cás nó ráig a bheith deimhnithe agus déanfar é i gcomhthéacs an nós imeachta iomláin um Measúnú Riosca Sláinte Poiblí.

Is í tuairim Shláinte Poiblí go léiríonn an fhianaise atá ar fáil go dtí seo go bhfuil ag éirí le scoileanna a bheith ina spásanna sábháilte do leanaí agus don fhoireann.

Tá scoileanna ag obair go dian chun an chomhairle sláinte poiblí a chur i bhfeidhm atá ag cruthú go bhfuil éifeacht léi maidir leis na leibhéil tarchuir i scoileanna a choinneáil chomh híseal sin. Tá sé an-tábhachtach go n-atreiseofar an chomhairle seo, agus comhlíonadh na mbearta sláinte poiblí molta, m.sh. clúdach aghaidhe a úsáid, sláinteachas láimhe, scaradh fisiciúil ag tús an leath-théarma nua. Tá sé seo riachtanach go háirithe le haghaidh am sosa agus an seomra foirne agus le haghaidh ranganna freisin. Tá síor-athbhreithniú á dhéanamh ag Dochtúirí Comhairleacha / Saineolaithe Leigheas Sláinte Poiblí ar na moltaí ar fad agus sinne ag dul i ngleic leis an bpaindéim atá ag dul ar aghaidh i gcónaí.

Leanfaidh an Roinn de bheith ag obair as lámh a chéile leis na comhpháirtithe oideachais go léir agus leis an gcóras sláinte poiblí ionas gur féidir tacú leis na scoileanna san am an-dúshlánach seo.

Le gach dea ghuí,

Deirdre Shanley